Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# An Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mé an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €31,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an ráiteas faoi bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

***Ról an Choimisiúin***

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a bunaíodh an 1 Samhain 2014 faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Is é sainordú reachtúil an Choimisiúin cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a thógáil. Is é an Coimisiún Institiúid Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas. Is é Rapóirtéir Náisiúnta na hÉireann um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc é freisin.

Tá 15 chomhalta ag an gCoimisiún, agus an Príomh-Choimisinéir ar dhuine díobh siúd. Ceapadh forálacha an Achta chun neamhspleáchas an Choimisiúin ina chuid oibre a chinntiú. Ceapann Uachtarán na hÉireann Comhaltaí an Choimisiúin, i ndiaidh vóta in dhá Theach an Oireachtais. Is comhlacht corpraithe é an Coimisiún. Tuairiscíonn sé go díreach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus cinneann na comhaltaí a bheartas agus a ghníomhaíochtaí go neamhspleách. Cuireann an feidhmeannas, faoi stiúir an Stiúrthóra mar Oifigeach Cuntasaíochta, straitéisí agus beartais an Choimisiúin i bhfeidhm.

Caithfidh an Coimisiún ráiteas straitéise a ullmhú gach trí bliana a chaithfear a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Leagadh Ráiteas Straitéise an Choimisiúin le haghaidh 2022–2024 faoi bhráid an Oireachtais i mí na Nollag 2021. Caithfidh an Coimisiún freisin, tráth nach déanaí ná sé mhí i ndiaidh dheireadh gach bliana airgeadais, tuarascáil bhliantúil a ullmhú faoina ghníomhaíochtaí a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus a fhoilsítear ina dhiaidh sin.

## An ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gciorclán 22 de 2023 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe nuair a bhí an cuntas á ullmhú, leis na breiseanna seo a leanas.

Measadh saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta lena mbaineann le haghaidh príomhaicmí sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas:

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí a fuarthas/ Bogearraí a forbraíodh | 10 years | 10% |

***Ráta dímheasa le haghaidh feabhsuithe léasachta***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitribh léasacha ar ráta 5% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim.

## An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna do Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do sholáthar seirbhíse comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Choimisiún.

### *Timpeallacht rialaithe airgeadais*

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Administrative controls and management reporting*

Tá creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a choinníonn an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún faoi athbhreithniú,
- déanann an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm i gCoimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail
- cinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad.

### *Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí ar fad agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Bhí suim €3.4 milliún san iomlán i gceist leis an gcaiteachas ar earraí agus seirbhísí, costas na foirne a fuarthas ar conradh ina measc, in 2023.

Chuir an Coimisiún sonraí 13 chonradh neamhiomaíocha os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhíonn ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an rioscaí sin agus, a mhéad ab indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na rioscaí buntábhachtacha a bhíonn roimh Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is bhíonn siad. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go rialta. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as na rialuithe a oibriú ar chomhaltaí foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe le haghaidh phróisis na monatóireachta ar rialuithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhartha ceartúcháin a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Chuaigh mé i mbun fhreagracht an Oifigigh Cuntasaíochta ar an 19 Meán Fómhair 2023 i ndiaidh don Oifigeach Cuntasaíochta a bhí ann roimhe sin, Éimear Fisher, éirí as.

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2023 a d'éileodh nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Deirdre Malone**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

11 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 – Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 – Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 25 – Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

#### *Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Bealtaine 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vote 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | | | | |
| | Bunmhéid | 8,195 | | | |
| | Forlíontach | 224 | | | |
| | | | 8,419 | 8,386 | 7,610 |
| **Ollchaiteachas** | | | **8,419** | **8,386** | **7,610** |
| | *Asbhaint* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | Bunmhéid | 81 | | | |
| | Forlíontach | 39 | | | |
| | | | **120** | **118** | **101** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | Bunmhéid | 8,114 | | | |
| | Forlíontach | 185 | | | |
| | | | **8,299** | **8,268** | **7,509** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **31,042** | **24,118** |

**Deirdre Malone**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

11 Márta 2024

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreas

## Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 4,958 | 4,474 |
| Neamhphá | | 3,428 | 3,136 |
| **Ollchaiteachas** | | **8,386** | **7,610** |
| *Asbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **118** | **101** |
| **Glanchaiteachas** | | **8,268** | **7,509** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh* (nóta 2.1)** | | | |
| Ceannacháin | (63) | | |
| Dímheas | 160 | | |
| ***Shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Amúchadh | 12 | | |
| | | 109 | 170 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 450 | | |
| Laghdú ar speansais fhabhraithe | (250) | | |
| | | 200 | 74 |
| **Caiteachas díreach** | | **8,577** | **7,753** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 157 | 106 |
| **Glanchostas cláir** | | **8,734** | **7,859** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 25 a íocadh as cistí eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 12 | 9 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 145 | 97 |
| | | **157** | **106** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 1,269 | 1,366 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 95 | 107 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **1,364** | **1,473** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.3 | 184 | 59 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 214 | 664 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 9 | 164 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 3 | 9 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **410** | **896** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 46 | 296 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 196 | 232 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **242** | **528** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 168 | 368 |
| **Glansócmhainní** | | **1,532** | **1,841** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **1,532** | **1,841** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Feabhsuithe léasachta | Troscán agus feistis | Fearas oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 1,746 | 360 | 357 | 2,463 |
| Breiseanna | — | — | 63 | 63 |
| Diúscairtí | — | — | — | — |
| Coigeartuithe | — | — | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 1,746 | 360 | 420 | 2,526 |
| | | | | |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 596 | 240 | 261 | 1,097 |
| Dímheas don bhliain | 87 | 36 | 37 | 160 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | — | — |
| Coigeartuithe | — | — | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 683 | 276 | 298 | 1,257 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **1,063** | **84** | **122** | **1,269** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 1,151 | 119 | 96 | 1,366 |

Nóta [a] Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana na sócmhainní, sócmhainní bogearraí ina measc, a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

[b] An 1 Eanáir 2023, aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní a léirigh fáil agus forbairt bogearraí ó Réadmhaoin, innealra agus trealamh chuig Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Ceadúnais bogearraí a fuarthas agus bogearraí a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 120 | 120 |
| Breiseanna | — | — |
| Aistrithe | — | — |
| Diúscairtí | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 120 | 120 |
| | | |
| **Amúchadh Carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 13 | 13 |
| Amúchadh don bhliain | 12 | 12 |
| Amúchadh diúscairtí | — | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 25 | 25 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **95** | **95** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | 107 | 107 |

Nóta [a] Aistríodh costas, dímheas carntha agus glanluach de réir na leabhar sócmhainní doláimhsithe a léirigh fáil agus forbairt bogearraí ó Réadmhaoin, innealra agus trealamh.

## 2.3 Banc agus airgead

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Iarmhéideanna agus airgead an Phámháistir Ghinearálta | 184 | 59 |
| | **184** | **59** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 141 | 500 |
| Speansais áitreabh oifige | 55 | 114 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 18 | 47 |
| Taisteal agus cothabháil | — | 2 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | — | 1 |
| | **214** | **664** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 2 | 2 |
| Féichiúnaithe párolla | 1 | 3 |
| Ticéad TaxSaver | — | 4 |
| | **3** | **9** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Speansais áitreabh oifige | 19 | 82 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 10 | 19 |
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 8 | 44 |
| Sainchomhairleoireacht agus athbhreithnithe luacha ar airgead agus ar bheartais | 6 | 145 |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 2 | 3 |
| Taisteal agus cothabháil | 1 | 3 |
| | **46** | **296** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla | 49 | 88 |
| Cáin ioncaim | 68 | 71 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 54 | 53 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 13 | 14 |
| Cáin bhreisluacha | 12 | 5 |
| Tuarastail | — | 1 |
| | **196** | **232** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 31 | 24 |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (40) | (188) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(9)** | **(164)** |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 184 | 59 |
| Iarmhéideanna dochair | 3 | 9 |
| | 187 | 68 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (196) | (232) |
| | (196) | (232) |
| | | |
| | **(9)** | **(164)** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Glansócmhainní amhail an 1 Eanáir | | | 1,841 | 2,085 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 8,299 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (31) | | |
| Glanvóta | | | 8,268 | 7,509 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 157 | 106 |
| Míreanna neamhairgid – Coigeartú ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | | 120 | — |
| Míreanna neamhairgid – Coigeartú ar shócmhainní doláimhsithe | 2.2 | | (120) | — |
| Glanchostas cláir | 1 | | (8,734) | (7,859) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,532** | **1,841** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** amhail an 31 Nollaig | **2023** €000 | **2022** €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 647 | 1,306 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 278 | 284 |
| Dlí agus tionscadail eile | 216 | 35 |
| **Ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí iomlána** | **1,141** | **1,625** |

Nóta [a] Laghdaíonn léas ceangaltas áitribh gach bliain go dtí an 8 Bealtaine 2025 de bharr clásal scortha atá ar fáil.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Gach leithdháileadh le haghaidh Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, aicmítear é mar chaiteachas riaracháin a chuirtear chun feidhme cláir amháin: feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

| | | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 4,937 | | | |
| | | *Forlíontach* | 39 | | | |
| | | | | 4,976 | 4,958 | 4,474 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 30 | | | |
| | | *Forlíontach* | 25 | | | |
| | | | | 55 | 49 | 35 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 1,887 | | | |
| | | *Forlíontach* | (330) | | | |
| | | | | 1,557 | 1,558 | 1,571 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 47 | | | |
| | | *Forlíontach* | 33 | | | |
| | | | | 80 | 70 | 71 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 244 | | | |
| | | *Forlíontach* | 79 | | | |
| | | | | 323 | 327 | 289 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (50) | | | |
| | | | | 550 | 575 | 515 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 450 | | | |
| | | *Forlíontach* | 428 | | | |
| | | | | 878 | 849 | 655 |
| | | | | **8,419** | **8,386** | **7,610** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar breac-chuntas thíos ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha sa chaiteachas ón méid a tugadh (+/- 25% agus €100,000).

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar sna meastacháin: €450,000; toradh: €849,000*

Bhí méadú €399,000 ar an gcaiteachas ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar bheartais mar gheall ar shainchabhair dhlíthiúil mhéadaithe a theastaigh chun tacú lenár ngníomhaíocht mhéadaithe i ndlíthíocht chearta an duine agus an chomhionannais ar ghlac IHREC de réir a oibleagáidí reachtúla.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Fíoraithe** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunmhéid* | 80 | | | |
| | *Forlíontach* | 20 | | | |
| | | | 100 | 96 | 88 |
| 2 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | 19 | | | |
| | | | 20 | 22 | 13 |
| | **Iomlán** | | **120** | **118** | **101** |

## Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **87** | **82** |

### 5.2 Pá

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,469 | 4,031 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 15 | 22 |
| Ragobair | 4 | — |
| ÁSPC fostóra | 470 | 421 |
| **Pá iomlán** | **4,958** | **4,474** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 4 | — | 8,583 | 13,176 |
| Ragobair | 6 | — | 2,947 | — |

### 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

In 2023, athfhostaíodh státseirbhíseach amháin a bhí ar scor agus ag a raibh pinsean earnála poiblí ar chostas iomlán €52,617. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

## 5.5 Foireann an Choimisiúin de réir banda pá

Tugtar anseo thíos líon na bhfostaithe Coimisiúin a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais pinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999, agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Banda pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 54 | 56 |
| 60,000 | 69,999 | 5 | 4 |
| 70,000 | 79,999 | 8 | 6 |
| 80,000 | 89,999 | 6 | 3 |
| 90,000 | 99,999 | 1 | 1 |
| 100,000 | 109,999 | 1 | 2 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | — |
| 120,000 | 129,999 | 1 | 2 |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | — | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | — |

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon faighteoirí** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 14 | 37,420 | 12,087 |
| Ró-íocaíochtaí le pleananna aisghabhála i bhfeidhm. | 4 | 19,942 | 3,374 |

Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ag plé leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun pleananna aisghabhála a chur i bhfeidhm.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Buntuarastal | | |
| Laurence Bond (ar scor an 31 Nollaig 2022) | 3 | 112 |
| Éimear Fisher (an tOifigeach Cuntasaíochta ón 19 Meán Fómhair 2022 go dtí an 18 Bealtaine 2023) | 47 | 30 |
| Deirdre Malone (ceaptha an 19 Bealtaine 2023) | 70 | — |
| Liúntais | 15 | 17 |
| | **135** | **159** |

Chuaigh Laurence Bond ar scor an 31 Nollaig 2022, agus eisíodh a thuarastal deiridh an 5 Eanáir 2023. Ceapadh Éimear Fisher mar an tOifigeach Cuntasaíochta ón 19 Meán Fómhair 2022 go dtí an 18 Bealtaine 2023. Ceapadh Deirdre Malone mar an tOifigeach Cuntasaíochta an 19 Bealtaine 2023. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ar scor ina ball den Scéim Pinsin Neamhbhunaithe agus tá an tOifigeach Cuntasaíochta eatramhach agus an tOifigeach Cuntasaíochta reatha ina mball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.